



Léigh sa Bhaile Leabhar F

Pg 109

An Samhradh

Tosaíonn an samhradh i mí na Bealtaine.
Bíonn an aimsir tirim agus bíonn an ghrian ag
taitneamh go hard sa spéir.
Bíonn sé geal ó leath uair tar éis a cúig ar maidin go
dtí leath uair tar éis a deich san oíche.
Bíonn laethanta saoire ag na páistí ón scoil sa
samhradh.
Bíonn an gairdín lán le bláthanna agus dathanna áille.
Tagann an rós i mbláth i mí an Mheithimh agus i rith
an tsamhraidh.
Bíonn cloigíní gorma le feiceáil sna coillte
agus ar bhruacha na habhann ó mhí Aibreáin.
Bíonn nóníní le feiceáil i ngach áit.
Bíonn an sabhaircín le feiceáil i rith an tsamhraidh.
Is bláth beag agus buí é, is maith liom an sabhaircín.
Is maith liom bláthanna agus is aoibhinn liom an
samhradh.

**CEISTEANNA**

- 1 Cathain a thosaíonn an samhradh? (*When does summer start?*)
- 2 Conas a bhíonn an aimsir i rith an tsamhraidh? (*How is the weather during the summer?*)
- 3 Cathain a thagann an rós i mbláth? (*When does the rose flower?*)
- 4 Déan cur síos ar an gloigín gorm. (*Describe the bluebell.*)
- 5 Déan cur síos ar an sabhaircín. (*Describe the primrose.*)

FOCLÓIR

i mbláth *in flower*
sna coillte *in the forests*
ar bhruacha na habhann
on the banks of the river
sabhaircín *primrose*

Léigh sa Bhaile Leabhar F

Turas Scoile

Bhí rang a sé ar bí.

Bhí siad ag dul ar thuras scoile go dtí Locha

Bhaile Coimín i gCill Mhantáin.

Bhí páirc spraoi ann agus bhí siad ag fanacht in óstán beag thar oíche.

Tháinig an bus ar a naoi a chlog agus chuaigh na páistí ar bord.

Thosaigh siad ag caint agus ag canadh.

Thit cúpla páiste ina gcodladh mar bhí an turas beagnach dhá uair an chloig ar fhad.

Tar éis tamaill shroich siad an pháirc.

Chaith na páistí an tráthnóna ag seoltóireacht ar an loch agus ag surfáil.

Bhí culaith fhliuch ar gach duine.


Bhí troid mhór uisce acu.

Chuaigh siad ar ais go dtí an t-óstán agus d'ith siad piotsa don dinnéar.

Ar an dara lá chuaigh siad ag marcaíocht agus ag dreapadh ar bhalla.

Tháinig an bus ar a haon a chlog agus chuaigh siad abhaile.

Bhí na páistí tuirseach traochta ach sona sásta.



CEISTEANNA

- 1 Cá raibh rang a sé ag dul? (Where was 6th class going?)
- 2 Cén t-am a tháinig an bus? (At what time did the bus arrive?)
- 3 Cad a rinne siad nuair a shroich siad an pháirc spraoi? (What did they do when they reached the activity park?)
- 4 Cad a rinne siad an dara lá? (What did they do on the second day?)
- 5 Conas a bhí na páistí tar éis an turas scoile? (How were the children after the school tour?)

FOCLÓIR

culaith fhliuch *wetsuit*
troid mhór uisce *big water fight*
dreapadh *climbing*



Léigh sa Bhaile Leabhar F

Pg 111

Ag Criost an Siol

Ag Criost an siol,
Ag Criost an fómhar,
In iothlainn Dé,
Go dtugtar sinn.

Ag Criost an mhuir,
Ag Criost an t-iasc;
I lionta Dé
Go gcastar sinn.

Ó fhás go haois,
Is ó aois go bás,
Do dhá láimh, a Chriost
Anall tharaínn.

Ó bhás go críoch,
Ní críoch ach athfhás;
I bParthas na ngrás
Go rabhaimid.

Le Micheál Ó Siadháin

GNÍOMH

Léigh agus foghlaim an dán. (Read and learn the poem.)

FOCLÓIR

síol *seed* an mhuir *the sea*
lionta *nets*
ó fhás go haois *from growth to age*
anall tharaínn *around us*
i bParthas na ngrás *in blessed Paradise*



Léigh sa Bhaile Leabhar F

Pg 112

Nóiníní Bána

Nóiníní bána ar imeall na habhann;
Rachaidh mé síos agus piocfaidh mé ceann.
Ceann beag do Mháire, is ceann beag dom féin,
Ceann beag do mo chairde ar oiléan i gcéin.

Déanfaidh mé slabhra deas bán agus órga,
Déanta as nóiníní bána go leor;
Beidh sé go hálainn thusa ar mo cheann,
Mise i mo bhanríon ar imeall na habhann.

Le Brian Ó Baoill

GNÍOMH

Léigh agus foghlaim an dán. (Read and learn the poem.)

FOCLÓIR

piocfaidh will pick
ar imeall edge
slabhra chain




Léigh sa Bhaile Leabhar F

Tinneas Farraige

Bhí an chlann ag dul go dtí Oileáin Árann don lá. Lá álann grianmhar a bhí ann nuair a d'fhág siad Gaillimh. Fuair siad seaicéid tarrthála agus shuigh siad síos ar an mbád. Bhí sé beagán gaofar ar an mbealach ansin ach bhí sé ceart go leor. Bhí lá álann acu ar an oiléan ach thosaigh sé ag stealladh báistí agus rith siad isteach chuig bialann.

D'ith Jack curaí agus deoch liomanáide sa bhialann. Ansin chuaigh sé go dtí an siopa agus fuair sé milseáin agus uachtar reoite. 'Ná bí á ithe sin,' arsa Mamaí, 'Beidh tú tinn'. D'ith Jack iad ar aon nós. Nuair a chuaigh siad ar an mbád arís bhí an aimsir fián. Mhathaigh Jack tinn láithreach. 'Dúirt mé leat go mbeifeá tinn,' a dúirt Mamaí.

**CEISTEANNA**

- 1 Cá raibh an chlann ag dul? (*Where was the family going?*)
- 2 An raibh sé gaofar ar an mbealach ansin? (*Was it windy on the way there?*)
- 3 Céard a d'ith Jack sa bhialann? (*What did Jack eat in the restaurant?*)
- 4 Ar mhathaigh Jack tinn? (*Did Jack feel sick?*)
- 5 Céard a dúirt Mamaí? (*What did Mammy say?*)

FOCLÓIR

tinneas farraige *sea sickness*
seaicéad tarrthála *life jacket*
ar an mbealach *on the way*
fián *wild*
mhathaigh Jack tinn *Jack felt sick*